Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/0545(COD)

16.7.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais
(COM(2025)0545 – C10-0166/2025 – 2025/0545(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Is é an buiséad an phríomhuirlis le haghaidh gníomhaíocht pholaitiúil, toisc go leagtar amach ann an todhchaí agus an áit ar mhaith linn dul. Agus tá tionchar mór ag buiséad an Aontais Eorpaigh ar shaol daoine laistigh agus lasmuigh den Eoraip araon, ar ndóigh, ar shaol ban i ngach áit. Is deis thábhachtach é an chéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais chun rathúnas, síocháin agus daonlathas a chosaint agus a neartú, bunaithe ar chomhionannas inscne, ar thosaíochtaí sóisialta agus ar inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Níl cur chun feidhme comhionannais inscne ar fud CAI bainte amach go hiomlán, ós rud é go bhfuil cuma phrionsabal cothrománach air ach go bhfuil sé i bhfad ó bheith ar an leibhéal céanna le cinn shóisialta nó aeráide agus níl a chomhtháthú chomh cuimsitheach céanna agus níl sé chomh hinstitiúideach céanna mar gheall ar dhifríochtaí i modheolaíochtaí marcóra, leis an raon feidhme is teoranta, gan aon sprioc chaiteachais, agus gan aon mhodh ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ ag baint leis na héifeachtaí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith ann, agus ar deireadh is é an nasc is laige é i measc na gcuspóirí a leagtar amach sna rialacháin chláir atá beartaithe, d’ainneoin fhorálacha Airteagal 8 CFAE ‘Ina ghníomhaíochtaí uile, beidh sé d’aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíothú agus comhionannas eatarthu a chur chun cinn’.

Chun fíor-chomhionannas inscne a bhaint amach, tá gá le cur chuige níos claochlaitheach lena mbaineann scrúdú agus athdhearadh a dhéanamh ar chórais agus ar struchtúir. Tugtar le tuiscint leis sin cur i bhfeidhm an phríomhshruthaithe inscne a leathnú chun cláir uile CAI a chumhdach agus chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach é ar fud bhuiséad an Aontais. Ní mór dúinn comhionannas inscne a thabhairt isteach i ngach beartas. I gcás idéalach, le hoiliúint shonrach i bpríomhshruthú inscne agus le beartais atá ailínithe leis sin, bheimis ag féachaint ar thogra rialála fónta ón gCoimisiún. Ach is é fírinne an scéil é, agus tá an baol ann go maolófar prionsabal teoiriciúil trasghearrtha dea-cheaptha an chomhionannais inscne nuair a chuirfear i bhfeidhm é, agus leis sin, sa deireadh, glacfaimid céim siar seachas dul ar aghaidh.

Go dtí seo, bhí an tAontas ag brath ar chur chuige déach i leith an chomhionannais inscne. Ar thaobh amháin, tá gníomhaíochtaí sonracha agus cistiú spriocdhírithe ann le haghaidh comhionannas inscne, a fhaightear trí chuspóirí comhionannais inscne clárshonracha. Ar an taobh eile, tá príomhshruthú inscne ann ar feadh thimthriall an bhuiséid ó chlársceidealú go cur chun feidhme agus meastóireacht, lena n-áirítear trí rianú caiteachais ó thréimhse 2021-2027. Níl aon chistiú curtha i leataobh ag CAI 2028-2035 atá tiomnaithe go hiomlán do chomhionannas inscne a chur chun cinn, rud a léiríonn deireadh tréimhse níos faide ná 30 bliain ina ndearna an Eoraip, tar éis Chomhdháil Bhéising agus tabhairt isteach an phríomhshruthaithe inscne, tionscadail a chistiú chun comhionannas inscne a chur chun cinn.

Meabhraíonn an Rapóirtéir go mbunaítear le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail modheolaíocht rianaithe ECFE agus EIGE, measúnú tionchair inscne éigeantach, anailís inscne chun bonn eolais a chur faoi dhearadh na n-idirghabhálacha, cuspóirí follasacha comhionannais inscne agus cur chuige ‘gan dochar a dhéanamh’. Leagann an Rapóirtéir béim freisin ar a thábhachtaí atá sé na réimsí idirghabhála sa chomhionannas inscne a leathnú chun cuspóirí comhionannais inscne an Aontais a léiriú, amhail cuspóirí Threochlár Chearta na mBan a forbraíodh ina Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030, agus molann sé sprioc chaiteachais le

haghaidh cistiúcháin agus comhéifeachtaí nua le haghaidh cur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Eoraip maidir le comhionannas inscne, ach is cúram neamhchríochnaithe fós é príomhshruthú inscne. San aeráid atá ann faoi láthair, ina bhfuil frithfhreagairt láidir i gcoinne chearta na mban, tá gá le gné na hinscne a chomhtháthú níos mó agus níos éifeachtaí i mbuiséad an Aontais.

LEASÚ

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Buiséid agus don Choiste um Rialú Buiséadach, mar na coistí atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Is é is aidhm don Rialachán seo na heilimintí a leagan síos le haghaidh creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta is infheidhme maidir le cur chun feidhme an chaiteachais is iomchuí do gach modh cur chun feidhme agus lena gcomhlánaítear rialacha Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (‘an buiséad’) mar chuid de na rialacha airgeadais de réir bhrí Airteagal 322(1), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Go sonrach, ba cheart rialacha a bhunú maidir le faireachán a dhéanamh ar chaiteachas buiséid, maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, chomh maith le rialacha maidir le meastóireacht ar na cláir agus ar na gníomhaíochtaí. Tá sé d’aidhm ag an Rialachán seo freisin rialacha comhchoiteanna a leagan amach chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ ***agus*** phrionsabal an chomhionannais inscne a áirithiú***; mar aon le*** rialacha	(1) Is é is aidhm don Rialachán seo na heilimintí a leagan síos le haghaidh creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta is infheidhme maidir le cur chun feidhme an chaiteachais is iomchuí do gach modh cur chun feidhme agus lena gcomhlánaítear rialacha Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (‘an buiséad’) mar chuid de na rialacha airgeadais de réir bhrí Airteagal 322(1), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Go sonrach, ba cheart rialacha a bhunú maidir le faireachán a dhéanamh ar chaiteachas buiséid, maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, chomh maith le rialacha maidir le meastóireacht ar na cláir agus ar na gníomhaíochtaí. Tá sé d’aidhm ag an Rialachán seo freisin rialacha comhchoiteanna a leagan amach chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’***,*** prionsabail an chomhionnais inscne ***agus príomhshruthú inscne*** a áirithiú ***de réir***

comhchoiteanna eile is infheidhme ar fud an bhuiséid amhail na rialacha chun Tairseach Aonair a bhunú, agus rialacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht. Féadfaidh an Coimisiún eilimintí breise a chur i bhfeidhm le haghaidh faireacháin agus tuairiscithe, lena n-áirítear táscairí ábhartha, chun tionchar bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais a thomhas ar bhonn níos forleithne.

Airteagal 8 CFAE ina sonraítear 'ina ghníomhaíochtaí uile, beidh sé d'aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíothú agus comhionannas eatarthu a chur chun cinn'. Ba cheart a áirithiú leis an bprionsabal sin nach leithdháilfear aon chistiú ar thairbhithe ná ar eagraíochtaí a mbaineann a gcuspóirí, a ngníomhaíochtaí nó a gcláir an bonn den chomhionannas inscne, de luachanna an Aontais Eorpaigh agus de na cearta a eascraíonn as Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus arb é is aidhm dóibh an dul chun cinn maidir le cearta na mban a aisiompú, nó cearta bunúsacha a lagú mar a leagtar amach in Airteagail 8 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo freisin rialacha comhchoiteanna eile is infheidhme ar fud an bhuiséid amhail na rialacha chun Tairseach Aonair a bhunú, agus rialacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht. Féadfaidh an Coimisiún eilimintí breise a chur i bhfeidhm le haghaidh faireacháin agus tuairiscithe, lena n-áirítear táscairí ábhartha, chun tionchar bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais a thomhas ar bhonn níos forleithne.

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tagraíonn rianú caiteachais don fhaireachán ar an gcaoi a n-úsáidtear cistí	(2) Tagraíonn rianú caiteachais don fhaireachán ar an gcaoi a n-úsáidtear cistí

chláir bhuiséid an Aontais ar fud catagóirí gníomhaíochtaí, chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú. Braitheann an faireachán go príomha ar ghealltanais bhuiséadacha, atá neamhspleách ar shamhail seachadta na gclár agus ar an gcaoi a n-eisíoctar na cistí le tairbhithe.

chláir bhuiséid an Aontais ar fud catagóirí gníomhaíochtaí, chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú. Braitheann an faireachán go príomha ar ghealltanais bhuiséadacha, atá neamhspleách ar shamhail seachadta na gclár agus ar an gcaoi a n-eisíoctar na cistí le tairbhithe. ***Ba cheart an mhodheolaíocht chun comhionannas inscne a rianú a bheith bunaithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag ECFE agus ba cheart na moltaí a leagtar amach sa tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le príomhshruthú inscne a ionchorprú sa bhuiséad.***

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ós rud é go bhfuil na costais eacnamaíocha, airgeadais agus shochaíocha a bhaineann leis an athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil ag dul i méid, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa dícharbónú, san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, sa gheilleagar ciorclach, san athléimneacht uisce agus sa chomhshaol nádúrtha. Tá sé fíor-riachtanach, go háirithe, feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna, tubaistí agus tionchair an athraithe aeráide agus teagmhais adhaimsire a réamh-mheas, mar aon le hullmhú agus freagairt dóibh, agus na hinfheistíochtaí faoi bhuiséad an Aontais a chosaint. Trí theicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha nua a chur in úsáid chun borradh a chur faoin athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, méadófar buntáiste iomaíoch chuideachtaí an Aontais an tráth céanna, ní hamháin trína n-acmhainneacht oiriúnaitheach fheabhsaithe agus trína n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ach mar gheall ar	(6) Ós rud é go bhfuil na costais eacnamaíocha, airgeadais agus shochaíocha a bhaineann leis an athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil ag dul i méid, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa dícharbónú, san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, sa gheilleagar ciorclach, san athléimneacht uisce agus sa chomhshaol nádúrtha. Tá sé fíor-riachtanach, go háirithe, feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna, tubaistí agus tionchair an athraithe aeráide agus teagmhais adhaimsire a réamh-mheas, mar aon le hullmhú agus freagairt dóibh, agus na hinfheistíochtaí faoi bhuiséad an Aontais a chosaint. ***Sa chomhthéacs sin, ní mór don ghníomhú ar son na haeráide rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus tacú le haistriú atá cóir ó thaobh na sochaí agus na hinscne de trí dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht agus a ndéantar leithcheal trasnach orthu a shroicheadh.*** Trí theicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha

dheiseanna nua onnmhairiúcháin freisin.

nua a chur in úsáid chun borradh a chur faoin athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, méadófar buntáiste iomaíoch chuideachtaí an Aontais an tráth céanna, ní hamháin trína n-acmhainneacht oiriúnaitheach fheabhsaithe agus trína n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ach mar gheall ar dheiseanna nua onnmhairiúcháin freisin.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) An 17 Samhain 2017, d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta go comhpháirteach mar fhreagairt ar na dúshláin shóisialta san Eoraip agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Ba cheart córas a chur ar bun chun a áirithiú go ndéanfar faireachán córasach trédhearcach ar an ranníocaíocht ón mbuiséad leis na cuspóirí sóisialta sin laistigh den Aontas. Tá tábhacht ar leith ag baint le cearta sóisialta agus dálaí córa oibre agus saothair a chur chun cinn, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i gcomhréir le hAirteagal 9 CFAE agus Airteagal 33(2), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, lena leagtar síos an ceanglas maidir le cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, agus dálaí oibre agus fostaíochta á n-urramú faoin dlí náisiúnta is infheidhme, faoi dhlí an Aontais, faoi choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna.	(7) An 17 Samhain 2017, d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta go comhpháirteach mar fhreagairt ar na dúshláin shóisialta san Eoraip agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Ba cheart córas a chur ar bun chun a áirithiú go ndéanfar faireachán córasach trédhearcach ar an ranníocaíocht ón mbuiséad leis na cuspóirí sóisialta sin laistigh den Aontas. Tá tábhacht ar leith ag baint le cearta sóisialta agus dálaí córa oibre agus saothair a chur chun cinn***, lena n-áirítear tacaíocht do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, cothromaíocht oibre agus saoil agus comhdheiseanna do mhná atá ina gcónaí i réigiúin thuaithe agus i réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste déimeagrafach***, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i gcomhréir le hAirteagal 9 CFAE agus Airteagal 33(2), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, lena leagtar síos an ceanglas maidir le cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, agus dálaí oibre agus fostaíochta á n-urramú faoin dlí náisiúnta is infheidhme, faoi dhlí an Aontais, faoi choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus

faoi chomhaontuithe comhchoiteanna.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) I gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE, beidh sé d'aidhm ag an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh. Dá bhrí sin, le hAirteagal 33(2), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, leagtar síos an ceanglas maidir le cur chun feidhme cláir agus gníomhaíochtaí a dhéanamh agus prionsabal an chomhionannais inscne á chur san áireamh agus i gcomhréir le modheolaíocht iomchuí maidir le príomhshruthú inscne, i gcás inarb ***indéanta agus inarb iomchuí***. Dá bhrí sin, ba cheart tacar aonair rialacha a bhunú leis an Rialachán seo chun prionsabal an chomhionannais inscne a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach. Go sonrach, ba cheart an mhodheolaíocht maidir le príomhshruthú inscne a leagan amach sa Rialachán seo, trí chur leis an modheolaíocht a d'fhorbair an Coimisiún faoi CAI 2021-2027 ***agus a úsáideadh den chéad uair don*** bhliain airgeadais 2021, chun caiteachas a rannchuidíonn leis an gcomhionannas inscne a thomhas trí bhíthin córas scórála bunaithe ar na cuspóirí atá á saothrú leis na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi chláir an Aontais. Ba cheart don Choimisiún tuilleadh treoraíochta a chur ar fáil chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an phrionsabail sin a áirithiú. Ba cheart ***a shonrú*** sa Rialachán seo freisin ***cé na sonraí a bhailítear i ndáil le táscairí feidhmíochta*** ba cheart ***a mhiondealú, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, de réir*** inscne.	(8) ***Is bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE.*** I gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE, beidh sé d'aidhm ag an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh***, agus ar an gcaoi sin prionsabal an phríomhshruthaithe inscne a chur i bhfeidhm, lena sonraítear nach mór gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú sna beartais agus sna cláir uile, lena n-áirítear beartais bhuiséadacha***. Dá bhrí sin, le hAirteagal 33(2), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, leagtar síos an ceanglas maidir le cur chun feidhme cláir agus gníomhaíochtaí a dhéanamh agus prionsabal an chomhionannais inscne á chur san áireamh agus i gcomhréir le modheolaíocht iomchuí maidir le príomhshruthú inscne, i gcás ***inarb infheidhme i gcomhréir leis an reachtaíocht earnáilsonrach is infheidhme.*** Dá bhrí sin, ba cheart tacar aonair rialacha a bhunú leis an Rialachán seo chun prionsabal an chomhionannais inscne a chur chun feidhme***, a rianú agus faireachán a dhéanamh air*** ar bhealach comhsheasmhach***, agus é mar aidhm aige comhionannas inscne a chur chun cinn agus tacú leis agus deireadh a chur le neamhionannais. I gcomhthéacs na frithfhreagartha i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban ar fud an Aontais agus ar fud an domhain a bhfuil méadú ag teacht uirthi, ba cheart do bhuiséad an Aontais***

rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne a chosaint, leis an idirdhealú a chomhrac agus le comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn. Go sonrach, ba cheart an mhodheolaíocht maidir le príomhshruthú inscne a leagan amach sa Rialachán seo, trí chur leis an modheolaíocht ***chuimsitheach*** a d'fhorbair an Coimisiún ***agus arna cur i bhfeidhm i gcistí*** faoi CAI 2021-2027 ***ó*** bhliain airgeadais 2021, ***chun a áirithiú go ndéantar comhionannas inscne a chomhtháthú go córasach i ngach clár agus*** chun caiteachas a rannchuidíonn leis an gcomhionannas inscne a thomhas trí bhíthin córas scórála bunaithe ar na cuspóirí atá á saothrú leis na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi chláir an Aontais. Ba cheart don Choimisiún tuilleadh treoraíochta a chur ar fáil chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an phrionsabail sin a áirithiú***, lena n-áirítear critéir íosta a bhunú lena nasctar sannadh na scór comhionannais inscne do chuspóirí a bhaineann go sonrach le comhionannas inscne, agus le húsáid chórasach measúnuithe tionchair inscne ex ante agus ex post agus anailís inscne***. Ba cheart ***a áirithiú*** leis an Rialachán seo freisin ***go ndéanfar sonraí inchomparáide atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú, a thuairisciú agus a mheas ar bhealach níos fearr agus*** ba cheart ***a bheith in ann ní hamháin tairbhithe na gcistí a shainaithint, ach tionchar comhionannais*** inscne ***na gclár agus na ngníomhaíochtaí ar chomhionannas agus na gcistí foriomlána atá tiomnaithe don chomhionannas inscne a shainaithint freisin***. ***I gcás gníomhaíochtaí nach bhfuil a gcuspóirí inscne-shonrach, féadfar comhlíonadh phrionsabal an chomhionannais inscne a áirithiú trí mheasúnú lena ndeimhnítear go bhfuil an ghníomhaíocht neodrach i dtaobh inscne nó, ar a laghad, nach bhfuil an baol ann go mbeidh éifeachtaí díobhálacha aici ar chomhionannas idir mná agus fir. Tá sé ríthábhachtach comhionannas deiseanna***

	a áirithiú do mhná agus d'fhir ar mhaithe le margadh saothair dea-fheidhmiúil, athléimneacht eacnamaíoch agus fás inbhuanaithe. Ba cheart do bhuiséad an Aontais rannchuidiú le tacú le rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair, le forbairt scileanna agus le fiontraíocht.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistiú fónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, d'fhorbair an Coimisiún modheolaíocht chun caiteachas a bhaineann le hinscne i mbuiséad an Aontais a rianú, modheolaíocht atá i bhfeidhm ó 2021 i leith. Déileálann an mhodheolaíocht sin le ranníocaíocht bhuiséadach gach cláir le comhionannas inscne, chomh maith leis an ranníocaíocht bhuiséadach fhoriomlán le comhionannas inscne. Léirítear na sonraí nár thacaigh ach 12 % de bhuiséad an Aontais (EUR 158.4 billiún) idir 2021 agus 2024 leis an gcomhionannas inscne.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cuirtear toirmeasc ar idirdhealú bunaithe ar mhíchumas agus ráthaítear an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun neamhspleáchais, chun lánpháirtíochta sóisialta agus gairmiúla, agus chun bheith rannpháirtíocht i saol an phobail. Thairis sin, is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, lena gceanglaítear go gcuirfear cosaint agus cur chun cinn chearta an duine atá ag daoine faoi mhíchumas san áireamh i ngach beartas agus clár. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an mbuiséad go ndéanfar cearta daoine faoi mhíchumas agus a gcomhdheiseanna a chur chun cinn go héifeachtach agus anuas air sin é ba cheart é a bheith mar aidhm leis aon neamhionannas a bhaint, i gcás inarb ***indéanta agus inarb iomchuí***. Go sonrach, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na cláir agus na gníomhaíochtaí inrochtaineacht a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas i ngach bonneagar, táirge agus seirbhís, lena n-áirítear sa timpeallacht thógtha, san iompar agus san fhaisnéis agus sa chumarsáid mar aon le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Ba cheart é a bheith d'aidhm acu freisin tacú leis an maireachtáil neamhspleách agus an t-aistriú ó chúram cónaithe nó institiúideach go seirbhísí agus tacaíocht teaghlaigh agus pobalbhunaithe a chur chun cinn.	(10) Le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cuirtear toirmeasc ar idirdhealú bunaithe ar mhíchumas agus ráthaítear an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun neamhspleáchais, chun lánpháirtíochta sóisialta agus gairmiúla, agus chun bheith rannpháirtíocht i saol an phobail. Thairis sin, is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, lena gceanglaítear go gcuirfear cosaint agus cur chun cinn chearta an duine atá ag daoine faoi mhíchumas san áireamh i ngach beartas agus clár. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an mbuiséad go ndéanfar cearta daoine faoi mhíchumas agus a gcomhdheiseanna a chur chun cinn go héifeachtach agus é mar aidhm leis chomh maith aon neamhionannas a bhaint, ***amhail iad siúd a eascraíonn as il-idirdhealú, leithcheal trasnach, mar shampla idirdhealú bunaithe ar inscne agus ar mhíchumas, agus cineálacha leithscartha amhail 'i margadh an tsaothair, sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil',*** i gcás ***inarb infheidhme***. Go sonrach, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na cláir agus na gníomhaíochtaí inrochtaineacht a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas i ngach bonneagar, táirge agus seirbhís, lena n-áirítear sa timpeallacht thógtha, san iompar agus san fhaisnéis agus sa chumarsáid mar aon le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide***, agus cásanna agus riachtanais éagsúla na mban agus na gcailíní ina n-éagsúlacht uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear mná agus cailíní faoi mhíchumas, mná imirceacha, mná ciníochaithe, mná scothaosta, mná óga, daoine LADTIA+, máithreacha aonair agus mná atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí i réigiúin thuaithe, iargúlta, dhídhaonraithe agus teorann***. Ba cheart é a bheith d'aidhm acu freisin tacú leis an maireachtáil neamhspleách agus an

t-aistriú ó chúram cónaithe nó institiúideach go seirbhísí agus tacaíocht teaghlaigh agus pobalbhunaithe a chur chun cinn. ***Ba cheart an cur chuige trasnach sin a chur san áireamh go cuí i rianú caiteachais buiséid, i bhfaireachán agus i meastóireacht, chun cosc a chur ar chaiteachas an Aontais neamhionannais atá ann cheana a choinneáil ar bun nó a ghéarú. I gcomhthéacs an fhrithghnímh in aghaidh na hinscne atá ag dul i méid, feachtais bhréagaisnéise agus ionsaithe in aghaidh eagraíochtaí um chearta na mban agus eagraíochtaí LADTIA+, ba cheart do chistiú ón Aontas tacú le gníomhaithe na sochaí sibhialta a chosnaíonn comhionannas inscne, cearta na mban agus cearta bunúsacha. Le táscairí feidhmíochta, ba cheart tomhas a dhéanamh ar a mhéid a chuireann cláir an Aontais le hacmhainneacht, inbhuanaitheacht agus sábháilteacht na n-eagraíochtaí sin. Le cistiú ón Aontas, ba cheart rannchuidiú le rochtain éifeachtach ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú, lena n-áirítear rochtain ar oideachas caidrimh atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de, pleanáil clainne, frithghiniúint nua-aimseartha, cúram sláinte máthartha, seirbhísí torthúlachta agus ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil i gcomhréir le luachanna an Aontais agus cearta bunúsacha. Dá bhrí sin, le táscairí rianaithe agus feidhmíochta caiteachais buiséid, ba cheart a bheith in ann a mheas an rannchuidíonn cláir an Aontais le neamhionannais maidir le rochtain ar sheirbhísí den sórt sin a laghdú.***

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Tá méadú ag teacht ar na costais	(12) Tá méadú ag teacht ar na costais

eacnamaíocha, airgeadais agus shóisialta a bhaineann leis an athrú aeráide, le guaiseacha nádúrtha, le héigeandálaí sláinte, le tionóiscí teicneolaíochta, le bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, agus le suaití eile. Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna, tubaistí agus tionchair an athraithe aeráide a réamh-mheas, mar aon le hullmhú agus freagairt dóibh, chun na hinfheistíochtaí faoi bhuiséad an Aontais a chosaint agus chun an tslándáil inmheánach a dhaingniú. Dá bhrí sin, trí dhearadh sonrach na hullmhachta agus na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide, ba cheart a áirithiú leis na cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha go dtacófar le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí lena neartaítear bainistiú riosca agus géarchéimeanna tubaistí, go ndéanfar infheistíocht in athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, go bhfeabhsófar athléimneacht feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, agus go bhforbrófar sochaithe atá níos athléimní, níos sláine agus níos ullmhaithe, i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise um Aontas na hUllmhachta[7], na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Inmheánach[8] agus oibleagáid an Aontais faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/1119[9] (‘an Dlí Aeráide Eorpach’) chun leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú.

[7] Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta, JOIN(2025) 130 final.

[8] Teachtaireacht maidir le ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, COM(2025) 148 final.

[9] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

eacnamaíocha, airgeadais agus shóisialta a bhaineann leis an athrú aeráide, le guaiseacha nádúrtha, le héigeandálaí sláinte, le tionóiscí teicneolaíochta, le bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, agus le suaití eile. Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna, tubaistí agus tionchair an athraithe aeráide, ***lena n-áirítear gné atá íogair ó thaobh inscne de,*** a réamh-mheas, mar aon le hullmhú agus freagairt dóibh chun na hinfheistíochtaí faoi bhuiséad an Aontais a chosaint agus chun an tslándáil inmheánach a dhaingniú. Dá bhrí sin, trí dhearadh sonrach na hullmhachta agus na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide, ba cheart a áirithiú leis na cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha go dtacófar le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí lena neartaítear bainistiú riosca agus géarchéimeanna tubaistí, go ndéanfar infheistíocht in athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, go bhfeabhsófar athléimneacht feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, agus go bhforbrófar sochaithe atá níos athléimní, níos sláine agus níos ullmhaithe, i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise um Aontas na hUllmhachta[7], na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Inmheánach[8] agus oibleagáid an Aontais faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/1119[9] (‘an Dlí Aeráide Eorpach’) chun leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú.

[7] Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta, JOIN(2025) 130 final.

[8] Teachtaireacht maidir le ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, COM(2025) 148 final.

[9] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú ar fud chláir an Aontais, lena bhféadfar measúnú cuimsitheach agus inchomparáide a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtaí na gclár, ba cheart córas aonfhoirmeach a bhunú chun caiteachas buiséid a rianú, agus chun faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid, mar aon le rannchuidiú le feidhmíocht fhoriomlán an bhuiséid a thomhas. Bheadh an córas sin ina fhorbairt ar na cineálacha cur chuige atá ann cheana, go háirithe an cur chuige chun rannchuidithe i dtreo tosaíochtaí uileghabhálacha beartais a thomhas trí chomhéifeachtaí de chuid an Aontais a úsáid, agus ba cheart é a bhunú ar ghnéithe coiteanna, mar atá liosta catagóirí réamhshainithe a úsáidtear chun gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón mbuiséad a aicmiú (‘réimsí idirghabhála’), comhéifeachtaí de chuid an Aontais a shanntar do na réimsí idirghabhála sin chun a rannchuidiú le beartais a chinneadh, agus táscairí feidhmíochta, ina bhfuil táscairí aschuir agus toraidh araon, chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí ghníomhaíocht an Aontais ar an talamh. Ba cheart sainiúlachtaí na gclár éagsúil a chur san áireamh sa chóras, amhail méid, fad agus suíomh an chur chun feidhme. Níor cheart a thuiscint leis go gcinntear incháilitheacht idirghabhála faoin mbuiséad, rud atá bunaithe ar na rialacha earnáilsonracha amháin. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéanann an córas an méid a mhaoineofar nó nach maoineofar ón mbuiséad a bhunú ná a réamh-mheas. Ba cheart an córas sin a bheith gan dochar do rialacha faireacháin agus tuairiscithe eile a d’fhéadfaí a bhunú chun tionchar bheartais agus	(13) Chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú ar fud chláir an Aontais, lena bhféadfar measúnú cuimsitheach agus inchomparáide a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtaí na gclár, ba cheart córas aonfhoirmeach a bhunú chun caiteachas buiséid a rianú, agus chun faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid, mar aon le rannchuidiú le feidhmíocht fhoriomlán an bhuiséid a thomhas. Bheadh an córas sin ina fhorbairt ar na cineálacha cur chuige atá ann cheana, go háirithe an cur chuige chun rannchuidithe i dtreo tosaíochtaí uileghabhálacha beartais a thomhas trí chomhéifeachtaí de chuid an Aontais a úsáid, agus ba cheart é a bhunú ar ghnéithe coiteanna, mar atá liosta catagóirí réamhshainithe a úsáidtear chun gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón mbuiséad a aicmiú (‘réimsí idirghabhála’), comhéifeachtaí de chuid an Aontais a shanntar do na réimsí idirghabhála sin chun a rannchuidiú le beartais a chinneadh, agus táscairí feidhmíochta, ina bhfuil táscairí aschuir agus toraidh araon, chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí ghníomhaíocht an Aontais ar an talamh. Ba cheart sainiúlachtaí na gclár éagsúil a chur san áireamh sa chóras, amhail méid, fad agus suíomh an chur chun feidhme***, lena n-áirítear éagothromaíochtaí críochacha idir réigiúin uirbeacha agus thuaithe agus na dúshláin shonracha atá os comhair na réigiún atá thíos leis an meath déimeagrafach***. Níor cheart a thuiscint leis go gcinntear incháilitheacht idirghabhála faoin mbuiséad, rud atá bunaithe ar na rialacha earnáilsonracha amháin. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéanann an córas an méid a mhaoineofar nó nach maoineofar ón

ghníomhaíochtaí an Aontais a thomhas ar bhonn níos forleithne.

mbuiséad a bhunú ná a réamh-mheas. Ba cheart an córas sin a bheith gan dochar do rialacha faireacháin agus tuairiscithe eile a d'fhéadfaí a bhunú chun tionchar bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais a thomhas ar bhonn níos forleithne.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Chun comhsheasmhacht, trédhearcacht, inchomparáideacht agus cuntasacht a áirithiú ar fud na gclár agus na ngníomhaíochtaí uile faoin mbuiséad, ba cheart rialacha comhchoiteanna a sholáthar i ndáil leis an meastóireacht ar na cláir agus na gníomhaíochtaí sin ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. De bhreis ar mheastóireacht shiarghabhálach i gcomhréir leis an bhforáil sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheántéarma ar chur chun feidhme a fhoilsiú freisin maidir le gach clár nó gníomhaíocht lena mbaintear leas as fianaise chainníochtúil agus ardcháilíochta chun léargas a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo a gcuspóirí a bhaint amach. Agus meastóireachtaí á ndéanamh aige, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gCoimisiún, go háirithe, an rannchuidiú le cuspóirí beartais an Aontais, le fás OTI agus le rátaí fostaíochta san Aontas a chainníochtú a mhéid is féidir. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach i meastóireachtaí a dhéanann na Ballstáit freisin, maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí comhair idir na Ballstáit agus tríú tíortha. Ba cheart na meastóireachtaí a dhéanamh ar bhealach sách tráthúil chun cur leis an bpróiseas cinnteoireachta, agus d'fhéadfaí cláir, gníomhaíochtaí nó grúpaí gníomhaíochtaí a	(20) Chun comhsheasmhacht, trédhearcacht, inchomparáideacht agus cuntasacht a áirithiú ar fud na gclár agus na ngníomhaíochtaí uile faoin mbuiséad, ba cheart rialacha comhchoiteanna a sholáthar i ndáil leis an meastóireacht ar na cláir agus na gníomhaíochtaí sin ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. De bhreis ar mheastóireacht shiarghabhálach i gcomhréir leis an bhforáil sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheántéarma ar chur chun feidhme a fhoilsiú freisin maidir le gach clár nó gníomhaíocht lena mbaintear leas as fianaise chainníochtúil agus ardcháilíochta chun léargas a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo a gcuspóirí a bhaint amach ***agus príomhshruthú inscne, aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach.*** Agus meastóireachtaí á ndéanamh aige, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gCoimisiún, go háirithe, an rannchuidiú le cuspóirí beartais an Aontais, le fás OTI agus le rátaí fostaíochta ***agus cuspóirí comhionannais inscne*** san Aontas a chainníochtú a mhéid is féidir***, lena n-áirítear a dtionchar ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, ar rochtain chomhionann ar dheiseanna do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe mná agus cailíní, agus ar chomhtháthú críochach***. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach i

chumhdach leo.	meastóireachtaí a dhéanann na Ballstáit freisin, maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí comhair idir na Ballstáit agus tríú tíortha. Ba cheart na meastóireachtaí a dhéanamh ar bhealach sách tráthúil chun cur leis an bpróiseas cinnteoireachta, agus d'fhéadfaí cláir, gníomhaíochtaí nó grúpaí gníomhaíochtaí a chumhdach leo ***agus comhréireacht, méid agus cineál na dtairbhithe á n-urramú acu***.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22d) Is éard atá sa bhuiséadú inscne cur i bhfeidhm an phríomhshruthaithe inscne sa phróiseas buiséadach. Ciallaíonn sé measúnú inscnebhunaithe ar bhuiséid, lena n-ionchorpraítear gné na hinscne ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach agus athstruchtúrú a dhéanamh ar ioncaim agus ar chaiteachais chun comhionannas inscne a chur chun cinn[1a].
	[1a] Comhairle na hEorpa, 2005. https://rm.coe.int/1680596143

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Áirithítear le cumarsáid shoiléir maidir le tacaíocht ón mbuiséad agus a bhfuil bainte amach aige go mbeidh a fhios ag saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais cén chaoi a gcaitear cistí, rud a mhéadaíonn trédhearcacht, feasacht agus	(23) Áirithítear le cumarsáid shoiléir maidir le tacaíocht ón mbuiséad agus a bhfuil bainte amach aige go mbeidh a fhios ag saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais cén chaoi a gcaitear cistí, rud a mhéadaíonn trédhearcacht, feasacht agus

rannpháirtíocht an phobail. Ba cheart rialacha comhsheasmhacha maidir le hoibleagáidí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta a leagan síos, go háirithe oibleagáidí ar thairbhithe agus ar chomhpháirtithe cur chun feidhme, ar na Ballstáit, ar thríú tíortha agus ar institiúidí an Aontais, agus na himthosca sonracha faoina bhféadfar an buiséad a chur chun feidhme á gcur san áireamh. Tá an méid sin gan dochar do mhódúlachtaí breise a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le linn chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear maidir le húsáid brandaí a bhaineann le cistiú ón Aontas faoi chláir.	rannpháirtíocht an phobail. Ba cheart rialacha comhsheasmhacha maidir le hoibleagáidí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta a leagan síos, go háirithe oibleagáidí ar thairbhithe agus ar chomhpháirtithe cur chun feidhme, ar na Ballstáit, ar thríú tíortha agus ar institiúidí an Aontais, agus na himthosca sonracha faoina bhféadfar an buiséad a chur chun feidhme á gcur san áireamh. Tá an méid sin gan dochar do mhódúlachtaí breise a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le linn chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear maidir le húsáid brandaí a bhaineann le cistiú ón Aontas faoi chláir. ***Is é an aidhm ba cheart a bheith ann beartais spriocdhírithe dhea-mhaoinithe a chur chun cinn lena dtugtar aghaidh go cothrom ar riachtanais na mban agus na bhfear.***

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23d) Ba cheart do na Ballstáit cur i bhfeidhm phrionsabal an chomhionannais inscne a neartú trí shaineolaithe atá bunaithe cheana féin, amhail Comhairlí Comhionannais Inscne agus Pobail Chleachtais, agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE).

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig	(25) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig

an gCoimisiún i ndáil leis an méid seo a leanas:
an liosta réimsí idirghabhála agus táscairí feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú; na cóid le haghaidh na gné críochaí in Iarscríbhinn II a leasú; na spriocanna sonracha maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil in Iarscríbhinn III a leasú; an liosta clár ábhartha don chomhionannas inscne in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú; Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht a leasú; agus an fhoráil maidir leis an Tairseach Aonair a leasú de réir mar is gá. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe san áireamh, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[11]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[11] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

an gCoimisiún i ndáil leis an méid seo a leanas: an liosta réimsí idirghabhála agus táscairí feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú; na cóid le haghaidh na gné críochaí in Iarscríbhinn II a leasú; na spriocanna sonracha maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil in Iarscríbhinn III a leasú; an liosta clár ábhartha don chomhionannas inscne in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú ***trí chláir agus gníomhaíochtaí a chur leis***; Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht a leasú; agus an fhoráil maidir leis an Tairseach Aonair a leasú de réir mar is gá. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe san áireamh, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[11]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[11] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin rialacha chun a áirithiú go gcuirfear	2. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin rialacha chun a áirithiú go gcuirfear

i bhfeidhm go haonfhoirmeach an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus prionsabal an chomhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, ***i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí,*** i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 33(1) den Rialachán sin, chomh maith le prionsabail chothrománacha eile maidir le dálaí oibre agus fostaíochta ***agus*** an aeráid agus an bhithéagsúlacht. Bunaítear leis freisin forálacha cothrománacha is infheidhme maidir le cláir agus gníomhaíochtaí uile an Aontais, amhail rialacha maidir le Tairseach Aonair a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán seo, agus rialacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.	i bhfeidhm go haonfhoirmeach an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus prionsabal an chomhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 33(1) den Rialachán sin, ***lena gcuirtear comhionannas inscne chun cinn mar a leagtar amach i Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030 agus sa Treochlár um Chearta na mBan, lena n-áirítear na prionsabail a leagtar amach sa Dearbhú le haghaidh sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de,*** chomh maith le prionsabail chothrománacha eile maidir le dálaí oibre agus fostaíochta***,*** an aeráid agus an bhithéagsúlacht. Bunaítear leis freisin forálacha cothrománacha is infheidhme maidir le cláir agus gníomhaíochtaí uile an Aontais, amhail rialacha maidir le Tairseach Aonair a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán seo, agus rialacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cur i bhfeidhm prionsabal cothrománach a chomhchuibhiú ar fud na gclár agus na ngníomhaíochtaí ***uile***, ***i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí***;	(d) comhchuibhiú ***agus cur chun feidhme a dhéanamh ar*** chur i bhfeidhm na bprionsabal cothrománach ***a bhaineann le comhionannas inscne, beartais shóisialta, an aeráid agus an bhithéagsúlacht,*** ar fud na gclár agus na ngníomhaíochtaí, ***trí spriocanna sonracha a bhunú do gach ceann agus trí chóras cuimsitheach a bhunú chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a dtionchar***;

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb ***indéanta agus inarb iomchuí*** i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha ábhartha, chun na cuspóirí a leagadh síos dóibh a bhaint amach agus urraim á tabhairt do dhálaí oibre agus fostaíochta faoin dlí náisiúnta is infheidhme, faoi dhlí an Aontais is infheidhme, faoi choinbhinsiúin EIS is infheidhme agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 33(2), pointe (e) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.	2. Déanfar cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb ***infheidhme*** i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha ábhartha, chun na cuspóirí a leagadh síos dóibh a bhaint amach agus urraim á tabhairt do dhálaí oibre agus fostaíochta faoin dlí náisiúnta is infheidhme, faoi dhlí an Aontais is infheidhme, faoi choinbhinsiúin EIS is infheidhme agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 33(2), pointe (e) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Chomh maith le comhlíonadh na Cairte agus an smachta reachta a áirithiú, léireoidh na Ballstáit gurb ann do chreataí náisiúnta nó réigiúnacha le haghaidh beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, comhionannas inscne, oideachas agus oiliúint, frith-idirdhealú, sláinte dhuinelárnach agus cúram fadtéarmach, an geilleagar sóisialta, agus cuimsiú sóisialta agus laghdú na bochtaineachta, lena n-áirítear bochtaineacht leanaí agus an t-aistriú ó chúram institiúideach go cúram teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo na cláir agus na gníomhaíochtaí ***arb é is*** aidhm dóibh tacú leis an gcomhionannas inscne i gcomhréir le hAirteagal ***33(2), pointe (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509***.	***Beidh sé d'aidhm ag*** na cláir agus na gníomhaíochtaí ***uile*** tacú leis an gcomhionannas inscne***, neamhionannais a dhíothú, tacú le comhionannas deiseanna, agus idirdhealú agus bacainní atá ann cheana a chomhrac*** i gcomhréir le hAirteagal ***8 CFAE chun úsáid éifeachtúil agus spriocdhírithe acmhainní a áirithiú chun comhionannas deiseanna do mhná agus d'fhir a chur chun cinn sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus poiblí, agus aitheantas á thabhairt don mhéid a rannchuidíonn siad leis an bhfás inbhuanaithe, leis an iomaíochas agus leis an gcomhtháthú sóisialta, i gcomhréir leis na tosaíochtaí beartais a leagtar amach sa Treochlár um Chearta na mBan agus sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030***.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tabharfar aird ar leith sna cláir agus sna gníomhaíochtaí ***uile*** ar chothromaíocht inscne a áirithiú***, a mhéid is féidir,*** i bpainéil mheastóireachta agus i gcomhlachtaí comhairleacha ábhartha eile amhail boird, grúpaí saineolaithe agus coistí faireacháin.	Tabharfar aird ar leith sna cláir agus sna gníomhaíochtaí ar chothromaíocht inscne a áirithiú i bpainéil mheastóireachta agus i gcomhlachtaí comhairleacha ábhartha eile amhail boird, grúpaí saineolaithe agus coistí faireacháin.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críoch na modheolaíochta maidir le príomhshruthú comhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, tiocfaidh gníomhaíochtaí an bhuiséid faoi cheann amháin de na catagóirí agus na scóir chomhfhreagracha comhionannais inscne seo a leanas:	Chun críoch na modheolaíochta príomhshruthaithe comhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ***áiritheofar le cláir agus gníomhaíochtaí go gcuirfear comhionannas inscne chun cinn le linn ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht na n-oibríochtaí. Chun críche caiteachas a rianú,*** tiocfaidh ***gach*** gníomhaíocht an bhuiséid faoi cheann amháin de na catagóirí agus na scóir chomhfhreagracha comhionannais inscne seo a leanas:

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 — mír 2 — fomhír 1 — pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gníomhaíochtaí a bhfuil an comhionannas inscne ina phríomhchuspóir acu (‘scór comhionannais inscne 2’);	(a) gníomhaíochtaí a bhfuil comhionannas inscne mar phríomhchuspóir ***sainráite*** acu (‘scór comhionannais inscne 2’);

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) gníomhaíochtaí a bhfuil an comhionannas inscne ina chuspóir tábhachtach d’aon ghnó acu ach nach bhfuil sé ina phríomhchuspóir acu (‘scór comhionannais inscne 1’);	(b) gníomhaíochtaí a bhfuil comhionannas inscne mar chuspóir ***sainráite,*** tábhachtach agus d’aon ghnó acu ach nach bhfuil mar phríomhchuspóir acu (‘scór comhionannais inscne 1’);

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 — mír 2 — fomhír 1 — pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) gníomhaíochtaí a meastar nach rannchuidiú substaintiúil iad leis an gcomhionannas inscne (‘scór comhionannais inscne 0’).	(c) gníomhaíochtaí a meastar nach rannchuidiú substaintiúil iad leis an gcomhionannas inscne ***nó nach féidir a rannchuidiú le comhionannas inscne a léiriú go réasúnta ar bhonn a gcuspóirí*** (‘scór comhionannais inscne 0’).

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) idirghabhálacha a d’fhéadfadh a bheith ábhartha ó thaobh inscne de ach nach bhfuil an ábharthacht sin cruthaithe (scór inscne 0), lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá neodrach i dtaobh inscne ina ndearadh agus ina dtionchar.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa dara fomhír a shainiú trí thagairt a dhéanamh don liosta réimsí idirghabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn I.	***Gníomhaíochtaí lena mbaineann scór comhionannais inscne 2, rannchuideoidh siad 100 % leis an sprioc comhionannais inscne. Gníomhaíochtaí lena mbaineann scór comhionannais inscne 1, rannchuideoidh siad 40 % leis an sprioc comhionannais inscne. Gníomhaíochtaí a bhfuil scór comhionannais inscne 0 agus 0* acu, más amhlaidh an cás, rannchuideoidh siad 0 % leis an sprioc comhionannais inscne.*** Déanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa dara fomhír a shainiú trí thagairt a dhéanamh don liosta réimsí idirghabhála a leagtar

amach in Iarscríbhinn I.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfidh an Coimisiún treoraíocht theicniúil ar fáil maidir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 2 chun na catagóirí agus na scóir chomhfhreagracha comhionannais inscne a chinneadh, arb é is aidhm di comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na gclár uile.	3. Cuirfidh an Coimisiún***, le tacaíocht ó EIGE,*** treoraíocht theicniúil ar fáil ***an 1 Eanáir 2027 i gcomhréir le caighdeáin ECFE*** maidir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 2 chun na catagóirí agus na scóir chomhfhreagracha comhionannais inscne a chinneadh, ***agus chun critéir íosta a shainiú lena n-áirítear cuspóirí comhionannais inscne, anailís inscne ex ante, atá nasctha leis an sannadh do gach scór comhionannais inscne. Beidh creat láidir torthaí comhionannais inscne ag gabháil leis freisin chun an dul chun cinn i dtreo cuspóirí agus torthaí comhionannais inscne a thomhas***, arb é is aidhm di comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na gclár uile ***ar bhonn an Treochláir um Chearta na mBan a fhorbraítear a thuilleadh laistigh den Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030***. ***Roimh an 1 Eanáir 2027, tíolacfaidh an Coimisiún bileog mhíniúcháin ina leagfar amach príomhghnéithe na modheolaíochta agus beidh na Ballstáit rannpháirteach i bhforbairt na treoraíochta teicniúla chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach í. Tacóidh EIGE leis an gCoimisiún i gcur chun feidhme an phríomhshruthaithe inscne in CAI, trí thacaíocht mhodheolaíoch agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus do na Ballstáit, agus trí chomhroinnt agus glacadh dea-chleachtas a chur chun cinn. Áiritheoidh an Coimisiún maoiniú leordhóthanach EIGE chun a ról a chomhlíonadh a mhéid is féidir. Áiritheofar nach leithdháilfear aon***

	chistiú ar thairbhithe ná ar eagraíochtaí a mbaineann a gcuspóirí, a ngníomhaíochtaí nó a gcláir an bonn den chomhionannas inscne, de luachanna an Aontais Eorpaigh agus de na cearta a eascraíonn as Airteagail 2 agus 3 de CAE agus arb é is aidhm dóibh an dul chun cinn maidir le cearta na mban a aisiompú, nó cearta bunúsacha a lagú mar a leagtar amach in Airteagail 8 agus 23 den Chairt.
	Faoin Rialachán Feidhmíochta atá beartaithe do Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034, leanfaidh comhionannas inscne de bheith comhtháite go hiomlán mar phrionsabal cothrománach ar fud chláir bhuiséadacha an Aontais, agus é mar chuspóir toradh feidhmíochta an Chomhionannais Inscne a mhéadú 5 phointe céatadáin ar a laghad i gcomparáid le meántoradh na sonraí bliantúla a foilsíodh le linn chreat 2021-2027 roimhe seo, agus conair aníos bhliantúil leanúnach á coinneáil ar fud clárthréimhsí ag an am céanna.
	Is ionann gníomhaíochtaí a thagann faoin gcatagóir 'scór comhionannais inscne 2', dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, agus 5 faoin gcéad ar a laghad de chaiteachas foriomlán chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 ina iomláine.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Ina theannta sin, áiritheofar nach mbeidh tionchar diúltach ar chomhionannas inscne ag ceann ar bith de na gníomhaíochtaí cistithe dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, trí threoraíocht shimplí aonair a chur ar

fáil.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn IV a ***leasú***.	4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun ***cláir agus gníomhaíochtaí a chur le*** hIarscríbhinn IV.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) liosta aonair réimsí idirghabhála;	(a) liosta aonair de réimsí idirghabhála***, lena n-áirítear comhionannas inscne***;

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Sannfar do na gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an mbuiséad an réimse idirghabhála is mó a léiríonn bunábhar na gníomhaíochta arna maoiniú. Beidh incháilitheacht gníomhaíochta faoin mbuiséad bunaithe ar na rialacha earnáilsonracha amháin agus ní chuirfear srian léi leis an sainmhíniú ar réimsí idirghabhála, ar réimsí iad nach mbunaítear ach amháin chun caiteachas a rianú agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid.	2. Sannfar do na gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an mbuiséad an réimse idirghabhála is mó a léiríonn bunábhar na gníomhaíochta arna maoiniú***, lena n-áirítear comhionannas inscne;*** Beidh incháilitheacht gníomhaíochta faoin mbuiséad bunaithe ar na rialacha earnáilsonracha amháin agus ní chuirfear srian léi leis an sainmhíniú ar réimsí idirghabhála, ar réimsí iad nach mbunaítear ach amháin chun caiteachas a rianú agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh an Coimisiún sainmhíniú na dtáscairí feidhmíochta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (c), a mhionsonrú a thuilleadh.	3. Féadfaidh an Coimisiún sainmhíniú na dtáscairí feidhmíochta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (c), a mhionsonrú a thuilleadh***, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, táscairí a bhaineann le rannpháirtíocht agus rochtain chomhionann ar dheiseanna do mhná agus do chailíní, go háirithe mná agus cailíní faoi mhíchumas agus iad siúd a bhfuil cónaí orthu i réigiúin thuaithe, iargúlta agus teorann***.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na gclár agus na ngníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an mbuiséad, ar fud mhodhanna uile chur chun feidhme an bhuiséid, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena gcuspóirí a bhaint amach i gcomhréir leis na táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c). Baileofar na sonraí ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistiúcháin ón Aontas. Déanfar na sonraí a bhailiú go tráthrialta agus a stóráil go leictreonach.	1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na gclár agus na ngníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an mbuiséad, ar fud mhodhanna uile chur chun feidhme an bhuiséid, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena gcuspóirí a bhaint amach i gcomhréir leis na táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c) ***agus ar dhul chun cinn maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn i gcomhréir le creat na Straitéise um Chomhionannas Inscne 2026-2030 agus an Treochlár um Chearta na mBan, lena n-áirítear an Dearbhú Prionsabal le haghaidh sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de***. Baileofar na sonraí ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil ***agus, i gcás inar féidir, trí shonraí riaracháin, staidrimh***

	agus faireacháin atá ann cheana a athúsáid. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistiúcháin ón Aontas. Baileofar sonraí go rialta agus stórálfar go leictreonach iad ***agus déanfar iad a mhiondealú de réir inscne chun staidreamh inscne a bheith ann.***

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Le bailiú sonraí, beifear in ann ní hamháin tairbhithe an chistithe a shainaithint ach tionchar na gclár maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn freisin tríd an bhfaireachán agus an tuairisciú ar shonraí inchomparáide atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a neartú.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Tuairisceoidh an Coimisiún go rialta maidir le sciar an chaiteachais a rannchuidíonn le comhionannas inscne (scór comhionannais inscne 2 agus 1). Chuige sin, tacóidh EIGE leis an gCoimisiún.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Coimisiún	1. Déanfaidh an Coimisiún

meastóireachtaí i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2059 chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE maidir le gach clár nó gníomhaíocht. I ndáil leis an gcomhbheartas talmhaíochta, cumhdófar freisin sna meastóireachtaí sin bearta arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.[12]	meastóireachtaí i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2059 chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE maidir le gach clár nó gníomhaíocht. ***Díreofar sna meastóireachtaí ar chur chun feidhme na bprionsabal cothrománach, go háirithe ar chomhionannas inscne a chur chun cinn agus tacú leis agus a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag aon cheann de na gníomhaíochtaí cistithe ar chomhionannas inscne.*** I ndáil leis an gcomhbheartas talmhaíochta, cumhdófar freisin sna meastóireachtaí sin bearta arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. [12]
[12] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).	[12] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme le haghaidh gach cláir nó gníomhaíochta tráth nach déanaí ná ***4 bliana*** tar éis tús a chur le cur chun feidhme an chláir nó na gníomhaíochta sin.	2. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme le haghaidh gach cláir nó gníomhaíochta tráth nach déanaí ná ***bliain amháin*** tar éis tús a chur le cur chun feidhme an chláir nó na gníomhaíochta sin.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Le haghaidh bhuiséad an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, déanfaidh na Ballstáit meastóireachtaí a bhaineann le critéir amhail éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht agus comhleanúnachas, agus é mar aidhm feabhas a chur ar cháilíocht dhearadh agus chur chun feidhme na mbeart mar aon le scrogaill agus bealaí chun dlús a chur lena gcur chun feidhme a shainaithint. Leis na meastóireachtaí ***féadfar critéir ábhartha eile a chumhdach freisin, amhail*** cuimsitheacht, infheictheacht agus breisluach Eorpach.	1. Le haghaidh bhuiséad an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, déanfaidh na Ballstáit meastóireachtaí a bhaineann le critéir amhail éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht agus comhleanúnachas, agus é mar aidhm feabhas a chur ar cháilíocht dhearadh agus chur chun feidhme na mbeart mar aon le scrogaill agus bealaí chun dlús a chur lena gcur chun feidhme a shainaithint. ***Áireofar sna*** meastóireachtaí ***béim ar chur chun feidhme na bprionsabal cothrománach, go háirithe ar chomhionannas inscne,*** cuimsitheacht, infheictheacht agus breisluach Eorpach ***a chur chun cinn agus tacú leo***.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh na Ballstáit aon mheastóireacht eatramhach amháin ar a laghad lena gcumhdófar iomlán a bpleananna tráth nach déanaí ná ***3 bliana*** tar éis thús chur chun feidhme na bpleananna sin.	3. Déanfaidh na Ballstáit aon mheastóireacht eatramhach amháin ar a laghad lena gcumhdófar iomlán a bpleananna tráth nach déanaí ná ***bliain amháin*** tar éis thús chur chun feidhme na bpleananna sin.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cuirfidh na Ballstáit cúram na meastóireachtaí ar shaineolaithe atá neamhspleách ó thaobh feidhme de.	5. Cuirfidh na Ballstáit cúram na meastóireachtaí ar shaineolaithe atá neamhspleách ó thaobh feidhme de***, lena n-áirítear saineolaithe ar speisialtóirí iad sa bhuiséadú inscne agus príomhshruthú***

inscne.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta is gá ar bun chun na sonraí is gá le haghaidh meastóireachtaí a tháirgeadh agus a bhailiú.	6. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta is gá ar bun chun na sonraí is gá le haghaidh meastóireachtaí a tháirgeadh agus a bhailiú***, lena n-áirítear imdhealú de réir gnéis agus staidreamh inscne, agus úsáid á baint, i gcás inar féidir, as foinsí riaracháin agus staidrimh atá ann cheana agus iarrataí dúblacha á seachaint***.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Maidir le gach idirghabháil, léireoidh na Ballstáit na prionsabail chothrománacha a gcuireann siad leo (aeráid/bithéagsúlacht, sóisialta nó inscne) agus an buiséad sonrach a leithdháiltear orthu agus tabharfaidh siad údar cuí leo dá réir sin.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) rochtain chuimsitheach sholáimhsithe ar fhaisnéis a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe mná agus cailíní.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) míniú a thabhairt ar an gcaoi a meastar go rannchuideoidh na gníomhaíochtaí sna pleananna leis an gcomhionannas inscne;	(a) míniú a thabhairt ar an gcaoi a meastar go rannchuideoidh na gníomhaíochtaí sna pleananna leis an gcomhionannas inscne***, nó, i gcás nach bhfuiltear ag súil le rannchuidiú den sórt sin, ar an bhfáth a meastar go bhfuil an ghníomhaíocht neodrach i dtaobh inscne nó nach dócha go mbeidh tionchar intomhaiste aici ar chomhionannas idir mná agus fir***;

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an scór inscne iomchuí a shannadh do gach gníomhaíocht ó na scóir a leagtar amach in Airteagal 7(2) agus réasúnú leormhaith a sholáthar**.**	(b) an scór inscne iomchuí a shannadh do gach gníomhaíocht ó na scóir a leagtar amach in Airteagal 7(2) agus réasúnú leormhaith a sholáthar ***bunaithe ar chritéir shonracha lena nasctar an scór le cuspóirí sainráite agus sonracha comhionannais inscne agus leis an measúnú tionchair ar chomhionannas inscne;***

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Thairis sin, cuirfear an comhionannas inscne san áireamh i measc na gcritéar a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh	Thairis sin, ***aithnítear*** an comhionannas inscne ***cheana féin mar phrionsabal cothrománach faoin Rialachán seo*** agus

ar thograí, ***i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí***.	cuirfear san áireamh ***é*** i measc na gcritéar a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí, ***agus ar an gcaoi sin béim á leagan ar an ngá atá lena chur chun feidhme éifeachtach agus comhréireach laistigh den chreat foriomlán le haghaidh bainistiú fónta airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún treoraíocht theicniúil ar fáil faoin 1 Eanáir 2027 bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le conas an measúnú comhionannais inscne dá dtagraítear i mír 3b a dhéanamh, arb é is aidhm dó comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na gclár uile agus an mhodheolaíocht rianaithe a neartú.***

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) aon táscaire aschuir amháin lena sainítear garsprioc nó sprioc dheiridh an bhirt sin agus a roghnaítear ó Iarscríbhinn I agus a chomhfhreagraíonn don réimse idirghabhála a sannadh ***nó, i gcás inarb iomchuí, do réimse idirghabhála eile, nó i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus le comhaontú ón gCoimisiún, táscaire aschuir nach n-áirítear in Iarscríbhinn I;***	(a) aon táscaire aschuir amháin lena sainítear garsprioc nó sprioc dheiridh an bhirt sin agus a roghnaítear ó Iarscríbhinn I agus a chomhfhreagraíonn don réimse idirghabhála a sannadh nó, i gcás inarb iomchuí, do réimse idirghabhála eile;

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina bhfuil táscaire aschuir nach n-áirítear in Iarscríbhinn I molta ag an mBallstát chun garsprioc nó sprioc dheiridh a shainiú don bheart sin, agus i gcás nach soláthraítear le hIarscríbhinn I aon táscaire toraidh a chomhfhreagraíonn do réimse	***scriosta***

idirghabhála an bhirt, sannfaidh an Ballstát aon táscaire toraidh amháin ó na táscairí toraidh a chomhfhreagraíonn do réimsí idirghabhála eile a leagtar amach in Iarscríbhinn I, nó ar bhonn eisceachtúil sannfaidh sé táscaire toraidh nach n-áirítear in Iarscríbhinn I le comhaontú ón gCoimisiún.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Agus an buiséad á chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33(2), pointí (d), (e) agus (f), den Rialachán sin. Go sonrach, cuirfear an comhionannas inscne san áireamh i measc na gcritéar a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí, ***i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí***.	1. Agus an buiséad á chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33(2), pointí (d), (e) agus (f), den Rialachán sin. Go sonrach, cuirfear an comhionannas inscne san áireamh i measc na gcritéar a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí, ***chun a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais comhsheasmhach le luachanna an Aontais agus nach bhfuil tionchar diúltach acu ar chomhionannas inscne***.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear ar fhaighteoirí cistí ón Aontas, beidh siad comhréireach agus beidh sé d'aidhm acu a áirithiú go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí ar bhealach atá éifeachtúil,	3. Beidh na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear ar fhaighteoirí cistí ón Aontas comhréireach***, nasctha le cuspóirí an ghlao,*** agus beidh sé d'aidhm acu a áirithiú go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí***, imdhealaithe de***

éifeachtach agus tráthúil.	***réir gnéis agus staidrimh inscne,*** ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – sraith 62 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	***Réimse beartais (leibhéal 2)***	***#***	***Réimse idirghabhála***	***MAA***	***OAA***	***COM H***	***SÓIS***	***Táscaire aschuir***	***Táscaire toraidh***
Talmhaíocht agus iascach	***Cearta talún***	***62a***	***Beartais agus creat rialála maidir le Talmhaíocht, Iascach agus Bia agus beatha***	***0%***	***0%***	***0%***	***40%***	• ***Líon na n-athruithe reachtacha nó na ndlíthe nua a glacadh sa tír chomhpháirtíochta chun rochtain chomhionann ar mhaoin a áirithiú, lena n-áirítear cearta talún agus oidhreachta na mban agus na gcailíní***	• ***Cion na dtíortha ina ráthaítear leis an gcreat dlíthiúil cearta comhionanna na mban chun talún agus úinéireachta***

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – sraith 65

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh

Tacaíocht ghnó	Forbairt gnó	65	Forbairt gnó i bhfoirm seirbhísí tacaíochta d'fhiontair (agus seirbhísí bainistíochta, margaíochta agus deartha san áireamh) (seachas bonneagair, digitiú agus infheistíochtaí teicneolaíochta)	0%	0%	0%	0%	• An líon fiontar dá dtugtar tacaíocht – de réir micrifhiontar, fiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair mhóra;	• An líon post a coinníodh ar bun nó a cruthaíodh i bhfiontair dá dtugtar tacaíocht – de réir inscne;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Tacaíocht ghnó	Forbairt gnó	65	Forbairt gnó i bhfoirm seirbhísí tacaíochta d'fhiontair (agus seirbhísí bainistíochta, margaíochta agus deartha san áireamh) (seachas bonneagair, digitiú agus infheistíochtaí teicneolaíochta)	0%	0%	0%	0%	• An líon fiontar dá dtugtar tacaíocht – de réir micrifhiontar, fiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair mhóra;	• An líon post a coinníodh ar bun nó a cruthaíodh i bhfiontair dá dtugtar tacaíocht – de réir inscne***, seasaimh agus earnála***;

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 65 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	***Réimse beartais (leibhéal 2)***	*#*	***Réimse idirghabhála***	***MAA***	***OAA***	***COM H***	***SÓIS***	***Táscaire aschuir***	***Táscaire toraidh***

Tacaíocht ghnó	*Gnólacht an fhorbairt*	*65a*	*Mná a chur chun cinn san fhiontraíocht**	*0%*	*0%*	*0%*	*100%*	*•Líon na bhfiontar arna gcur chun cinn ag mná agus arna dtacú – ag micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide, fiontair mhóra;* *•Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú maidir le mná san fhiontraíocht;* *•Líon na mban ar tugadh tacaíocht dóibh;*	*•Líon agus sciar na mban san fhiontraíocht;*

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 65 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	*Réimse beartais (leibhéal 2)*	*#*	*Réimse idirghabhála*	*MAA*	*OAA*	*COM H*	*SÓIS*	*Táscaire aschuir*	*Táscaire toraidh*
Tacaíocht ghnó	*Gnólacht an fhorbairt*	*65b*	*Cothromaíocht inscne a chur chun cinn sa bhainistíocht agus sa chinnteoireacht ar gach leibhéal bainistíochta agus ar fud na n-earnálacha príobháideacha**	*0%*	*0%*	*0%*	*40%*	*•Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn sa bhainistíocht – de réir micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, fiontair mhóra;* *• Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú maidir le cothromaíocht inscne sa bhainistíocht agus maidir le rannpháirtíocht na mban sa bhainistíocht shinsearach agus ar bhoird a chur chun cinn;*	*•Sciar na mban agus na bhfear sa bhainistíocht de réir leibhéil bhainistíochta i bhfiontair dá dtugtar tacaíocht;* *• Líon na bhfiontar faoi stiúir ban – de réir micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, fiontair mhóra;*

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 65 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	*Réimse beartais (leibhéal 2)*	*#*	*Réimse idirghabhála*	*MAA*	*OAA*	*COM H*	*SÓIS*	*Táscaire aschuir*	*Táscaire toraidh*
Tacaíocht ghnó	***Gnólacht an fhorbairt***	***65c***	***Deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh i saol na hoibre sa ghnó****	***0%***	***0%***	***0%***	***40%***	• ***Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht chun feabhas a chur ar shásraí agus ar phróisis chun deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh i ngnó – de réir micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, fiontair mhóra;*** • ***Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú chun deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh i ngnó;***	•***Sciar na bhfiontar a bhfuil sásraí agus struchtúir tacaíochta leordhóthanacha i bhfeidhm acu chun foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh a thuairisciú agus chun déileáil leis – ag micrifhiontar, ag fiontair bheaga agus mheánmhéide, ag fiontair mhóra;*** •***Líon agus sciar na gcásanna tuairiscithe d'fhoréigean inscnebhunaithe agus de ghnéaschiapadh i bhfiontair dá dtugtar tacaíocht;***

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 65 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	*Réimse beartais (leibhéal 2)*	*#*	*Réimse idirghabhála*	*MAA*	*OAA*	*COM H*	*SÓIS*	*Táscaire aschuir*	*Táscaire toraidh*
Tacaíocht ghnó	*Gnólacht an fhorbairt*	*65d*	*Infheistíocht gnólachtaí a chur chun cinn chun oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán a áirithiú do leanaí uile na bhfostaithe gar don áit oibre**	*0%*	*0%*	*0%*	*100%*	• *Líon na bhfiontar a fhaigheann tacaíocht chun oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán a bhunú agus a fheabhsú do leanaí uile na bhfostaithe – de réir micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, fiontair mhóra;* • *Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú chun infheistíochtaí in oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán a chur chun cinn do leanaí uile na bhfostaithe;*	•*Líon na n-áiteanna oideachais agus cúraim luath-óige ar ardchaighdeán a cruthaíodh san ionad oibre;* •*An sciar de leanaí fostaithe in oideachas agus cúram na luath-óige san ionad oibre;*

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 90

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Cultúr, turasóireacht agus na meáin	Na meáin	90	Brath agus cur i gcoinne bréagaisnéis agus litearthacht sna meáin a fheabhsú	0%	0%	0%	40%	• An líon tionscnamh seiceála fíricí; • An líon cásanna bréagaisnéise a tuairiscíodh agus a ndearnadh a mheasúnú go foirmiúil; • An líon gníomhaíochtaí maidir le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin dá dtugtar tacaíocht;	• An líon daoine a sroicheadh le frithbhearta bréagaisnéise agus bearta litearthachta sna meáin – de réir inscne;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh

Cultúr, turasóireacht agus na meáin	Na meáin	90	Brath agus cur i gcoinne bréagaisnéis agus litearthacht sna meáin a fheabhsú	0%	0%	0%	40%	• An líon tionscnamh seiceála fíricí; • An líon cásanna bréagaisnéise a tuairiscíodh agus a ndearnadh a mheasúnú go foirmiúil; • An líon gníomhaíochtaí maidir le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin dá dtugtar tacaíocht; • ***Líon na ngníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar bhréagaisnéis a bhaineann go sonrach le hinscne;***	• An líon daoine a sroicheadh le frithbhearta bréagaisnéise agus bearta litearthachta sna meáin – de réir inscne;

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 90 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	***Réimse beartais (leibhéal 2)***	***#***	***Réimse idirghabhála***	***MAA***	***OAA***	***COM H***	***SÓIS***	***Táscaire aschuir***	***Táscaire toraidh***
Cultúr, turasóireacht agus na meáin	***Na meáin***	***90a***	***Steiréitíopaí inscne agus an gnéasachas sna meáin agus san fhógraíocht a chosc agus a chomhrac****	***0%***	***0%***	***0%***	***40%***	• ***Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú chun steiréitíopaí inscne agus gnéasachas sna meáin agus san fhógraíocht a chosc agus a chomhrac;***	• ***Líon agus sciar na ndaoine a sroicheadh trí ghníomhaíochtaí chun steiréitíopaí inscne agus gnéasachas sna meáin agus san fhógraíocht a chosc, a íogrú agus a chomhrac – de réir inscne;*** • ***Sciar na gcásanna tuairiscithe steiréitíopaí inscne agus gnéasachais sna meáin agus san fhógraíocht;***

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I – Sraith 91 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	*Réimse beartais (leibhéal 2)*	*#*	*Réimse idirghabhála*	*MAA*	*OAA*	*COM H*	*SÓIS*	*Táscaire aschuir*	*Táscaire toraidh*
Cultúr, turasóireacht agus na meáin	***Na meáin***	***91a***	***Comhionannas inscne agus éagsúlacht a chur chun cinn sa chultúr, sa turasóireacht agus sna meáin****	***0%***	***0%***	***0%***	***100%***	• ***Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú chun comhionannas inscne a chur chun cinn sa chultúr, sa turasóireacht agus sna meáin;*** • ***Líon na seisiún oiliúna arna n-eagrú d'oibrithe san earnáil chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus atá inrochtana do dhaoine ó chúlraí imeallaithe;***	• ***Líon agus sciar na ndaoine a sroicheadh trí ghníomhaíochtaí chun comhionannas inscne a chur chun cinn sa chultúr, sa turasóireacht agus sna meáin – de réir inscne;*** • ***Líon na saothar a táirgeadh lena bhfeabhsaítear ionadaíocht na mban agus na ngrúpaí imeallaithe sna meáin – de réir míchumais, cúlra eitneach, pobal LADTIA+;*** • ***Líon na n-oibrithe atá cláraithe in oiliúint le haghaidh fhorálacha inrochtaineachta agus cuimsithe na meán agus na siamsaíochta;***

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 92 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	*Réimse beartais (leibhéal 2)*	*#*	*Réimse idirghabhála*	*MAA*	*OAA*	*COM H*	*SÓIS*	*Táscaire aschuir*	*Táscaire toraidh*
Cultúr, turasóireacht agus na meáin	*Inscne*	*92b*	*Ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn i bpoist freagrachta agus chinnteoireachta agus rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban sa chultúr, sa turasóireacht agus sna meáin**	*0%*	*0%*	*0%*	*40%*	*•Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú chun ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn i bpost freagrachta agus cinnteoireachta;* *•Líon na mban i bpoist bhainistíochta, i seomraí boird agus i bpoist cheannaireachta;* *•Líon na mban in eagraíochtaí gairmiúla, i gceardchumainn agus i gcomhlachais a bhaineann leis an gcultúr, leis an turasóireacht agus leis na meáin;*	*• Líon agus sciar na ndaoine a dtéann gníomhaíochtaí i bhfeidhm orthu chun ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn i bpost freagrachta agus cinnteoireachta – de réir inscne;* *• Cóimheas idir mná agus fir i bpoist bhainistíochta, i seomraí boird agus i bpoist cheannaireachta;* *• An cóimheas idir mná agus fir in eagraíochtaí gairmiúla, i gceardchumainn agus i gcomhlachais a bhaineann leis an gcultúr, leis an turasóireacht agus leis na meáin;*

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 110 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	*Réimse beartais (leibhéal 2)*	*#*	*Réimse idirghabhála*	*MAA*	*OAA*	*COM H*	*SÓIS*	*Táscaire aschuir*	*Táscaire toraidh*

Teicneolaíocht aí digiteacha agus bonneagair dhigiteacha	*Athchóirithe*	*110a*	*Beartas digiteach agus creat rialála chun áit shábháilte do mhná agus do chailíní a dhéanamh den timpeallacht dhigiteach, lena n-áirítear ardáin ar líne**	*0%*	*0%*	*0%*	*40%*	*•Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú chun áit shábháilte do mhná agus do chailíní a dhéanamh den timpeallacht dhigiteach;* *•Líon na n-uirlisí digiteacha a thugann aird ar chomhionannas inscne, ar chlaontacht agus ar steiréitíopaí inscne;*	*• Líon agus sciar na ndaoine a dtéann gníomhaíochtaí i bhfeidhm orthu chun áit shábháilte do mhná agus do chailíní a dhéanamh den timpeallacht dhigiteach – de réir inscne;* *• Líon agus sciar na ndaoine a dtéann uirlisí digiteacha i bhfeidhm orthu agus aird á tabhairt ar chomhionannas inscne, ar chlaontacht agus ar steiréitíopaí inscne;*

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 110 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	*Réimse beartais (leibhéal 2)*	*#*	*Réimse idirghabhála*	*MAA*	*OAA*	*COM H*	*SÓIS*	*Táscaire aschuir*	*Táscaire toraidh*
Teicneolaíocht aí digiteacha agus bonneagair dhigiteacha	*Inscne*	*110b*	*Mná a chur chun cinn in ETIM, sa mhargadh digiteach agus sa mhargadh saothair**	*0%*	*0%*	*0%*	*100%*	*•Líon na ngníomhaíochtaí arna gcistiú chun mná a chur chun cinn in ETIM, sa mhargadh digiteach agus sa mhargadh saothair;*	*• Líon agus sciar na ndaoine a dtéann gníomhaíochtaí i bhfeidhm orthu chun mná a chur chun cinn in ETIM, sa mhargadh digiteach agus sa mhargadh saothair – de réir inscne;*

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 111

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	111	Oideachas agus cúram na luathóige (seachas bonneagar)*	0%	0%	0%	100%	• An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh, an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh; • An líon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail chomhair; • An líon áiteanna nua cúraim leanaí a cruthaíodh nó a coinníodh ar bun;	• An líon leanaí a thairbhíonn de churaclaim a forbraíodh agus cláir a cuireadh chun feidhme; • An líon leanaí a thairbhíonn de mhúinteoirí oilte; • An líon leanaí a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	111	Oideachas agus cúram na luath-óige ***inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán do gach leanbh*** (seachas bonneagar)*	0%	0%	0%	100%	•An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; •An líon curaclam a forbraíodh, an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; •An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh; •An líon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail chomhair; •An líon áiteanna nua cúraim leanaí a cruthaíodh nó a coinníodh ar bun;	• An líon leanaí a thairbhíonn de churaclaim ***atá íogair ó thaobh inscne de*** a forbraíodh agus cláir ***atá cothrom ó thaobh inscne de*** a cuireadh chun feidhme; • An líon leanaí a thairbhíonn de mhúinteoirí atá oilte ***ar bhealach cothrom ó thaobh inscne de***; • ***Líon na seisiún oiliúna inar baineadh amach rannpháirtíocht a bhí cothrom ó thaobh inscne de;*** •An líon leanaí a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 112

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	112	Bunoideachas (seachas bonneagair)	0%	0%	0%	100%	• An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh, an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh; • An líon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail chomhair; • An líon áiteanna nua cúraim leanaí a cruthaíodh nó a coinníodh ar bun;	• An líon leanaí a thairbhíonn de churaclaim a forbraíodh agus cláir a cuireadh chun feidhme; • An líon leanaí a thairbhíonn de mhúinteoirí oilte; • An líon leanaí a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	112	Bunoideachas (seachas bonneagair)	0%	0%	0%	100%	•An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh***(lena n-áirítear oideachas gnéasachta cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de),*** an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh; • An líon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail chomhair; • An líon áiteanna nua cúraim leanaí a cruthaíodh nó a coinníodh ar bun;	• An líon leanaí a thairbhíonn de churaclaim ***atá íogair ó thaobh inscne de*** a forbraíodh ***(lena n-áirítear oideachas gnéasachta cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de),*** agus clár ***atá cothrom ó thaobh inscne de*** a cuireadh chun feidhme; • An líon leanaí a thairbhíonn de mhúinteoirí atá oilte ***ar bhealach cothrom ó thaobh inscne de***; • An líon leanaí a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 113

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	113	Meánoideachas (seachas bonneagair)	0%	0%	0%	100%	• An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh, an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh; • An líon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail chomhair; • An líon áiteanna nua cúraim leanaí a cruthaíodh nó a coinníodh ar bun;	• An líon leanaí a thairbhíonn de churaclaim a forbraíodh agus cláir a cuireadh chun feidhme; • An líon leanaí a thairbhíonn de mhúinteoirí oilte; • An líon leanaí a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	113	Meánoideachas (seachas bonneagair)	0%	0%	0%	100%	•An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh***(lena n-áirítear oideachas gnéasachta cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de),*** an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh; • An líon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail chomhair; • An líon áiteanna nua cúraim leanaí a cruthaíodh nó a coinníodh ar bun;	• An líon leanaí a thairbhíonn de churaclaim ***atá íogair ó thaobh inscne de*** a forbraíodh (lena n-áirítear oideachas gnéasachta cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de), agus clár ***atá cothrom ó thaobh inscne de*** a cuireadh chun feidhme; • An líon leanaí a thairbhíonn de mhúinteoirí atá oilte ***ar bhealach cothrom ó thaobh inscne de***; • An líon leanaí a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 114

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	114	Oideachas treasach (seachas bonneagair)	0%	0%	0%	100%	• An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh, an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh; • An líon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail chomhair; • An líon áiteanna nua cúraim leanaí a cruthaíodh nó a coinníodh ar bun;	• An líon leanaí a thairbhíonn de churaclaim a forbraíodh agus cláir a cuireadh chun feidhme; • An líon leanaí a thairbhíonn de mhúinteoirí oilte; • An líon leanaí a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	114	Oideachas treasach (seachas bonneagair)	0%	0%	0%	100%	•An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh***(lena n-áirítear oideachas gnéasachta cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de),*** an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh; • An líon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail chomhair; • An líon áiteanna nua cúraim leanaí a cruthaíodh nó a coinníodh ar bun;	• An líon leanaí a thairbhíonn de churaclaim ***atá íogair ó thaobh inscne de*** a forbraíodh (lena n-áirítear oideachas gnéasachta cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de), agus clár ***atá cothrom ó thaobh inscne de*** a cuireadh chun feidhme; • An líon leanaí a thairbhíonn de mhúinteoirí atá oilte ***ar bhealach cothrom ó thaobh inscne de***; • An líon leanaí a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 115

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	115	Gairmoideachas tosaigh (seachas bonneagair)	0%	0%	0%	100%	• An líon rannpháirtithe – de réir inscne, de réir earnálacha scileanna (agus ETIM san áireamh); • An líon printíseachtaí nó deiseanna foghlama obairbhunaithe dá dtugtar tacaíocht; • An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh, an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh;	• An líon mac léinn a thairbhíonn de churaclaim a forbraíodh agus cláir a cuireadh chun feidhme; • An líon mac léinn a thairbhíonn de mhúinteoirí oilte; • An líon mac léinn a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	115	Gairmoideachas tosaigh (seachas bonneagair)	0%	0%	0%	100%	• An líon rannpháirtithe – de réir inscne, de réir earnálacha scileanna (agus ***earnálacha*** ETIM***, oideachais, sláinte agus leasa*** san áireamh); • An líon printíseachtaí nó deiseanna foghlama obairbhunaithe dá dtugtar tacaíocht; • An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise; • An líon curaclam a forbraíodh, an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme; • An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh;	• An líon mac léinn a thairbhíonn de churaclaim ***atá íogair ó thaobh inscne de*** a forbraíodh agus cláir ***atá cothrom ó thaobh inscne de*** a cuireadh chun feidhme; • An líon mac léinn a thairbhíonn de mhúinteoirí atá oilte ***ar bhealach cothrom ó thaobh inscne de***; • An líon mac léinn a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 115 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	*Réimse beartais (leibhéal 2)*	*#*	*Réimse idirghabhála*	*MAA*	*OAA*	*COM H*	*SÓIS*	*Táscaire aschuir*	*Táscaire toraidh*
Oideachas agus scileanna	*Oideachas*	*115a*	*Cothromaíocht inscne a chur chun cinn i ngairmeacha 'fireann' agus 'baineann' go traidisiúnta in earnáil an chúraim**	*0%*	*0%*	*0%*	*100%*	• *An líon rannpháirtithe – de réir inscne, de réir earnálacha scileanna (agus ETIM san áireamh);* • *An líon printíseachtaí nó deiseanna foghlama obairbhunaithe dá dtugtar tacaíocht;* • *An líon múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu – de réir inscne agus aoise;* • *An líon curaclam a forbraíodh, an líon clár staidéir nó cúrsaí a cuireadh chun feidhme;* • *An méid trealaimh teagaisc nó foghlama agus modhanna digiteacha a soláthraíodh;*	• *An líon mac léinn a thairbhíonn de churaclaim a forbraíodh agus cláir a cuireadh chun feidhme;* • *An líon mac léinn a thairbhíonn de mhúinteoirí oilte;* • *An líon mac léinn a thairbhíonn de threalamh a ceannaíodh;*

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 118

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	118	Oideachas le haghaidh dídeanaithe i dtríú tíortha	0%	0%	0%	***0%***	• An líon leanaí a thairbhíonn – de réir leibhéal oideachais: leibhéal naíscoile, bunscoile, meánscoile íochtaraí agus meánscoile uachtaraí;	• Céatadán (leibhéal náisiúnta) na ndídeanaithe atá cláraithe ar scoil – de réir leibhéal oideachais: Leibhéal naíscoile, Leibhéal bunscoile, Leibhéal meánscoile Íochtaraí agus Leibhéal meánscoile Uachtaraí;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	118	Oideachas le haghaidh dídeanaithe i dtríú tíortha	0%	0%	0%	***40%***	• An líon leanaí a thairbhíonn – de réir leibhéal oideachais: leibhéal naíscoile, bunscoile, meánscoile íochtaraí agus meánscoile uachtaraí;	• Céatadán (leibhéal náisiúnta) na ndídeanaithe atá cláraithe ar scoil – de réir leibhéal oideachais: Leibhéal naíscoile, Leibhéal bunscoile, Leibhéal meánscoile Íochtaraí agus Leibhéal meánscoile Uachtaraí ***agus de réir inscne***;

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 119

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	119	***Oiliúint múinteoirí*** – leibhéal oideachais neamhshonraithe	0%	0%	0%	100%	• An líon rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna – de réir inscne	• An líon mac léinn a thairbhíonn – de réir inscne;

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Oideachas	119	***Oiliúint do mhúinteoirí agus do sholáthraithe oideachais eile*** – leibhéal oideachais neamhshonraithe	0%	0%	0%	100%	• An líon rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna – de réir inscne	• An líon mac léinn a thairbhíonn – de réir inscne;

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Sraith 123

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
Oideachas agus scileanna	Athchóirithe	123	Athchóirithe oideachas agus chúram na luath-óige*	0%	0%	0%	100%	• An líon dlíthe a glacadh nó a tháinig i bhfeidhm; • An líon ullmhúchán beartais nó meastóireachtaí a tugadh chun críche; • An líon comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara a tugadh chun críche; • An líon rialachán cur chun feidhme nó treoirlínte atá i bhfeidhm; • An líon straitéisí nó creataí a glacadh; • An líon seirbhísí poiblí nó próiseas poiblí a forbraíodh; • An líon imeachtaí a bhaineann leis an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise a eagraíodh chun tacú le riaracháin phoiblí tíortha nach Ballstáit den Aontas iad; • An líon gníomhartha nasctha a eagraíodh chun tacú le riaracháin phoiblí tíortha nach Ballstáit den Aontas iad; • An líon beartas poiblí ábhartha a forbraíodh/a athbhreithníodh agus/nó atá á gcur chun feidhme i dtríú tíortha;	

Leasú

Réimse beartais (leibhéal 1)	Réimse beartais (leibhéal 2)	#	Réimse idirghabhála	MAA	OAA	COM H	SÓIS	Táscaire aschuir	Táscaire toraidh
